NCCA

# Curaclam Matamaitice na Bunscoile – Ábhar tacaíochta

## Uimhreas: Úsáidí an uimhris – Moltaí don teagasc

### MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Sonraigh do pháistí conas a úsáideann siad féin agus a dteaghlaigh uimhreas ar bhealaí éagsúla sa ghnáthshaol le haghaidh lipéadú agus aithint (m.sh., *uimhreacha tí, uimhreacha leathanaigh, uimhir gheansaí*), chun cur síos a dhéanamh ar chainníochtaí nó ar mhéideanna (m.sh., *dhá throigh, 100 pointe, cúig bhábóg*), chun cur síos a dhéanamh ar ord nó ar shuíomhanna (m.sh., *an chéad áit, céim 4, an tríú hurlár*) agus chun tomhas a dhéanamh (m.sh., *1kg plúr, 2 nóiméad, 5km*).
- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí le dul i ngleic le gníomhaíochtaí praiticiúla agus láimhseoga amhail bloic, cnaipí, earraí tí, srl. mar chuid dá bhfiosrúchán ar úsáidí an uimhris.
- Ceangail úsáidí uimhris le spéiseanna agus caitheamh aimsire páistí, m.sh., *fiosrú a dhéanamh ar uimhreas i spóirt, ceol, scéalta, cluichí, dúlra, srl.*

### SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Léigh nó páistí a spreagadh chun scéalta nó greannáin ar théama matamaitice a chruthú agus uimhreacha a chuimsiú sa scéalaíocht chun comhthéacs spraíúil a chur ar fáil chun foghlaim faoi uimhreacha.
- Fiosrú a dhéanamh ar úsáid an uimhris sa cheol, m.sh., *páistí a theagasc faoi rithim, buillí, agus patrúin i nodaireacht cheoil, iad a spreagadh chun a bpíosaí ceoil féin a chruthú, agus amhráin agus rannta naíscoile a ionchorprú a bhfuil úsáidí éagsúla uimhris mar chuid díobh.*
- Cuir stáisiúin fiosrúcháin ar bun le hacmhainní éagsúla a nascann le huimhreas amhail cártaí imeartha, cnaipí, dísle, crúiscíní tomhais, rialóirí, féilirí, srl. agus lig do na páistí a bheith ag iniúchadh agus ag súgradh gan srian leis na huirlisí seo chun uimhreas a fhiosrú agus a phlé.
- Cluichí a bhfuil uimhreacha mar ghné iontu a ionchorprú i gceachtanna Mata agus i rith an lae, m.sh., *cluichí cláir agus cluichí cártaí, cluichí seicheamhaithe, cleas na bacóide.*

### TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Fiosrúchán ar úsáidí uimhris i gcomhthéacsanna ealaíne agus/nó drámaíochta a chur chun cinn, m.sh., *athléiriú a dhéanamh de na Trí Mhuca Bheaga, ag cur béim ar an gcaoi ar úsáideadh uimhreas tríd an scéal.*
- Cruthaigh fadhbanna oscailte spraíúla comhoibríocha a bhaineann le huimhreacha, m.sh., *cé mhéad eilifintí a rachadh isteach sa seomra ranga?, cuir na hainmhithe seo in ord de réir cé chomh hoiriúnach is a bheadh siad mar pheata* agus tabhair am do pháistí/grúpaí lena réitigh a chur i láthair agus a chosaint.
- Tóg an Mhatamaitic taobh amuigh den seomra ranga agus tabhair ar na páistí dul i dteagmháil le conairí laistigh agus lasmuigh nó i ngníomhaíochtaí a bhfuil uimhreacha i gceist leo, m.sh., *bí ag comhaireamh líon na gcéimeanna a thógann sé siúl ó A go B, cuardach a dhéanamh ar Sheomra 7, croith do lámh ar an tríú duine a bhuaileann tú leis i ndorchla na scoile.*

### BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Bain úsáid as eispéiris ar nós cuairt a thabhairt ar an siopa (siopa fíor nó siopa bréagach) chun tacú le samhaltú, m.sh., *bealaí éagsúla a aimsiú chun €5 a léiriú chun íoc as bréagán.*
- A bheith ag tacú le páistí cainníochtaí agus tomhais a léiriú agus a chur i láthair trí ghníomhaíochtaí praiticiúla, m.sh., *100g plúr, 4 ubh, etc. a eagrú agus a leagan amach ar mhaithe le hoideas.*
- Tabhair ar pháistí a bheith páirteach i ngnáthaimh laethúla lena mbaineann úsáidí éagsúla uimhris, m.sh., *iad féin a ghrúpáil le haghaidh cluichí, ag gabháil isteach i líne le haghaidh amanna sosa, seiceáil 'cé mhéad' earraí atá ag teastáil le haghaidh gníomhaíochta agus iad a dháileadh dá réir.*

### MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Tabhair isteach "Uimhir an Lae" ina bpléann na páistí úsáidí éagsúla na huimhreach sin, m.sh., *is féidir le 5 cur síos a dhéanamh ar aois duine, líon na méar ar láimh, dáta san fhéilire.*
- 'Comhráite mata' den rang iomlán nó i ngrúpaí beaga a ionchorprú inar féidir le páistí a gcuid barúlacha agus smaointe a roinnt faoi úsáidí éagsúla an uimhris, agus tabhair leideanna chun tacú leis an díospóireacht sin, m.sh., *cuir san áireamh íomhánna de zú le héagsúlacht ainmhithe, foirne agus cuairteoirí, seastán cuimhneacháin le praghsanna, uaireanta oscailte, scuainí, srl.*
- Úsáid póstaeir, grianghraif, graif agus amchláir mar spreagthaí do pháistí chun scéalta uimhreacha a chruthú agus a roinnt a léiríonn cásanna fíorshaoil éagsúla ina n-úsáidtear uimhreacha, m.sh., *na huimhreacha ar amchlár bus a scrúdú agus a aithint agus an méid a léiríonn siad (an dáta, na huaireanta, na nóiméid, lipéid busanna, ord na stáisiún/stadanna).*

Arna fhorbairt i gcomhar le **Aaron Carroll, Múinteoir Bunscoile, Co. an Chláir**